2026/2188

2.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2188 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann leis an Éigipt, leis an Ríocht Aontaithe agus le hUragua ar na liostaí de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna díobh óna n-údaraítear do choinsíneachtaí de chrúbacha áirithe agus de chatagóirí áirithe eachainmhithe a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429, leagtar síos, *inter alia*, na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas. Ceann de na ceanglais sláinte ainmhithe sin is ea nach mór do na coinsíneachtaí sin teacht ó thríú tír nó críoch, nó ó chrios nó deighleog díobh, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin.

(2) Tá Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) mar fhorlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó críocha, nó criosanna nó deighleoga díobh. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 foráiltear nach gceadófar coinsíneachtaí ainmhithe, de tháirgí geirmeacha ná de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoina raon feidhme a theacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó thríú tír nó críoch, nó ó chrios nó deighleog díobh, a liostaítear le haghaidh na speiceas agus na gcatagóirí áirithe sin d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó críocha, nó criosanna nó deighleoga díobh, óna gceadaítear coinsíneachtaí de na speicis agus catagóirí ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe, de tháirgí geirmeacha áirithe agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear d'ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(4) Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach an liosta de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch, óna n-údaraítear coinsíneachtaí crúbach, seachas eachainmhithe agus crúbaigh atá sé beartaithe a choinneáil i mbunaíochtaí teoranta, a theacht isteach san Aontas. Sna hiontrálacha a bhaineann le criosanna GB-1 agus GB-2 sa Ríocht Aontaithe a mhéid a bhaineann le hainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair, tá tagairt do dheimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le hainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair a theacht isteach i dTuaisceart Éireann ón mBreatain Mhór (deimhniú caighdeánach 'OV/CAP-X-NI') a leagtar amach i gCaibidil 4a d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún ([4]). Bhí feidhm leis an deimhniú caighdeánach 'OV/CAP-X-NI' go dtí an 31 Nollaig 2024 agus scriosadh é ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/544 ón gCoimisiún ([5]). Is gá, dá bhrí sin, na tagairtí don deimhniú caighdeánach sin a scriosadh ó na hiontrálacha a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir sin.

(5) Le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach an liosta de thríú tíortha nó críocha, nó criosanna díobh, óna n-údaraítear coinsíneachtaí eachainmhithe a theacht isteach san Aontas.

(6) Liostaítear an Éigipt in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus í sannta do Ghrúpa Sláintíochta E agus réigiúnaithe mar chriosanna EG-1 agus EG-2 i ngobharnóireachtaí áirithe i dtuaisceart na tíre, agus údaraítear capaill chláraithe ó na criosanna sin a theacht isteach san Aontas. I mí an Mheithimh 2026, d'iarr an Éigipt ar an gCoimisiún go n-údarófaí capaill chláraithe a theacht isteach san Aontas an athuair ó chrios nua arna bhunú chun críoch an chomórtais seóléimní The Longines Global Champions Tour (LGCT), arna reáchtáil in Giza an 22-24 Deireadh Fómhair 2026, agus thug sí ráthaíochtaí don Choimisiún maidir le limistéar saor ó ghalair eachaí a bhunú chun na críche sin.

(7) Tar éis don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an doiciméadacht a sholáthair an Éigipt, tháinig sé ar an gconclúid gur leor na ráthaíochtaí a thairg údarás inniúil lárnach na Éigipte chun go n-údarófaí capaill chláraithe a theacht isteach an athuair san Aontas ón gcrios nua EG-3 sin san Éigipt tar éis dóibh a bheith páirteach in LGCT in Giza.

(8) Chun go n-údarófar capaill chláraithe a theacht isteach an athuair san Aontas ón 15 Deireadh Fómhair go dtí an 14 Samhain 2026 tar éis iad a onnmhairiú go sealadach chun páirt a ghlacadh in LGCT in Giza na hÉigipte, is gá an crios EG-3 a liostú i gCuid 1 ar feadh na tréimhse sealadaí sin agus tuairisc ar chrios EG-3 a chur le Cuid 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 don tríú tír sin.

(9) Thairis sin, le hAirteagal 22(2), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, foráiltear nach gceadófar coinsíneachtaí eachainmhithe a theacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó thríú tír nó críoch, nó crios díobh, nach bhfuil aon cheann de na galair liostaithe dá dtagraítear sa tábla a leagtar amach i bpointe 3 de Chuid A d'Iarscríbhinn IV tuairiscithe le linn tréimhse áirithe ama dá dtagraítear sa tábla freisin. I gcás surra, (*Trypanosoma evansi*), is é 24 mhí ar a laghad atá i gceist leis an íostréimhse sin. An tráth céanna, i gcomhréir le hAirteagal 22(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, féadfar an tréimhse sin a laghdú le haghaidh galair a áirítear i gCuid B d'Iarscríbhinn IV faoi na coinníollacha sonracha ábhartha dá dtagraítear inti. I gcás surra, (*Trypanosoma evansi*), baineann na coinníollacha sonracha sin le gan aon ionfhabhtú leis an ngalar seo a thuairisciú sa bhunaíocht tionscnaimh eachainmhithe ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh dháta seolta an eachainmhí chuig an Aontas agus le clár faireachais, atá aitheanta ag an gCoimisiún, lena léirítear nach ann d'ionfhabhtú sa bhunaíocht tionscnaimh sin le linn na tréimhse 6 mhí nach bhfuil aon surra (*Trypanosoma evansi*) tuairiscithe lena linn.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/403/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/544 ón gCoimisiún an 25 Márta 2025 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha a theacht isteach san Aontas (IO L, 2025/544, 22.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/544/oj).

(10) Faoi láthair, tá Uragua liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus í sannta do Ghrúpa Sláintíochta D, mar thír atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí de chapaill chláraithe, d'eachainmhithe cláraithe, d'eachainmhithe eile nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú agus d'eachainmhithe atá sé beartaithe a mharú a theacht isteach san Aontas. An 2 Meitheamh 2026, sholáthair Uragua sonraí faoin gclár faireachais maidir le surra (*Trypanosoma evansi*) i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. Rinne an Coimisiún meastóireacht dhearfach ar an gclár sin i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(11) I bhfianaise mheastóireacht dhearfach an chláir faireachais maidir le surra (*Trypanosoma evansi*) a chuir Uragua isteach, ba cheart teacht isteach coinsíneachtaí eachainmhithe ón tríú tír sin san Aontas a údarú faoi choinníoll sonrach maidir le bearta breise maolaithe riosca le haghaidh surra (*Trypanosoma evansi*). I gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, tá ceanglas ann go sannfaidh an tAontas na coinníollacha sonracha sin sa liosta don tríú tír nó críoch liostaithe, nó don chrios díobh, agus don speiceas áirithe ainmhithe agus don chatagóir áirithe ainmhithe. Dá bhrí sin, maidir leis an gcoinníoll sonrach 'Clár Surra', lena léirítear go gcomhlíonann Uragua ceanglais Chuid B d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, ba cheart an coinníoll sin a chur isteach i gcolún 6 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 le haghaidh an tríú tír sin.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir sin.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear mar a leanas Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404:

(1) in Iarscríbhinn II, Cuid 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-1	Bó-ainmhithe	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1] agus atá sé beartaithe a mharú	BOV-X, BOV-Y	ID	BRU, EBL, EVENTS		
		Ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1] agus atá sé beartaithe a mharú	OV/CAP-X, OV/CAP-Y	ID	BRU, EVENTS		
		Muc-ainmhithe	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1] agus atá sé beartaithe a mharú	SUI-X, SUI-Y		ADV		
		Ainmhithe den chineál camaill	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1]	CAM-CER				
		Ainmhithe den chineál fia	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1]	CAM-CER				
		Crúbacha eile	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1]	RUM, RHINO, HIPPO				
	GB-2	Bó-ainmhithe	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1] agus atá sé beartaithe a mharú	BOV-X, BOV-Y	ID	BRU, TB, EBL, EVENTS		
		Ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1] agus atá sé beartaithe a mharú	OV/CAP-X, OV/CAP-Y	ID	BRU, EVENTS		
		Muc-ainmhithe	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1] agus atá sé beartaithe a mharú	SUI-X, SUI-Y		ADV		
		Ainmhithe den chineál camaill	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1]	CAM-CER				
		Ainmhithe den chineál fia	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1]	CAM-CER				
		Crúbacha eile	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1]	RUM, RHINO, HIPPO’				

(2) leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) leasaítear Cuid 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le hUragua:

‘**UY** Uragua	UY-0	D	Capaill chláraithe; eachainmhithe cláraithe; eachainmhithe eile nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú; eachainmhithe atá sé beartaithe a mharú	EQUI-X, EQUI-Y, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP	Clár Surra’			

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Éigipt:

‘**EG** An Éigipt	EG-1	E	Capaill chláraithe	EQUI-X				
	EG-2	E	Capaill chláraithe	EQUI-X				
	EG-3	E	Capaill chláraithe	EQUI-RE-ENTRY-30			14.11.2026	15.10.2026’

(b) i gCuid 2, san iontráil a bhaineann leis an Éigipt, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas ar chrios EG-3:

‘An Éigipt	**EG-3**	An Crios atá Saor ó Ghalair Eachaí (EDFZ) de mhéid thart ar 9 heicteár, arna bhunú ag Ionad Amhairc Panorama 2 ar Ardchlár Giza, ar imeall thiar Chaireo, (a bhfuil a lárphointe ag 29°57′59.1″ N, 31°07′41.1″ E) agus chomh fada le: (1) hAerfort Idirnáisiúnta Chaireo tríd an bpasáiste mórbhealaigh feadh thart ar 59 km ar: — Chuarbhóthar Chaireo (thart ar 52 km) — Bóthar Gaineamhlaigh Fayoum (thart ar 7 km); nó (2) Aerfort Idirnáisiúnta Sfioncs tríd an bpasáiste mórbhealaigh feadh thart ar 44 km ar: — Mhórbhealach Gaineamhlaigh Chaireo–Chathair Alastair (thart ar 24 km) — Bóthar Sahara El Ahram (thar ar 3 km) — Cuarbhóthar Chaireo (thart ar 7 km) — Mórbhealach El Wahat (thar ar 5 km) — Bóthar Gaineamhlaigh Fayoum (thart ar 5 km)’.